Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10683 – APPLIED / TEMASEK / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 180/06)

1. An 25 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Franklin Investments Pte. Ltd. ("Franklin", Singeapór) faoi rialú deiridh Temasek Holdings (Private) Limited ("Temasek", Singeapór),

— Applied Materials Inc. ("Applied", SAM), ar cuideachta phoiblí í a bhfuil úinéireacht scaireanna scaipthe go forleathan aici agus nach bhfuil á rialú ag aon tríú páirtí,

— cuideachta nuachruthaithe, Valaya Pte. Ltd., ("JV", Singeapór).

— Gheobhaidh Franklin agus Applied rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthróir domhanda trealaimh monaraíochta, seirbhísí agus bogearraí é do thionscal na leathsheoltóirí, do thionscal an taispeántais agus do thionscail ghaolmhara,

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta dhomhanda é Franklin,

— beidh an JV gníomhach i dtaighde & forbairt, monaraíocht agus tráchtálú brataithe speisialaithe a úsáidtear púdair agus páirteanna a bhratú, go príomha le haghaidh feidhmeanna cógaisíochta agus tráchtála eitlíochta.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

M.10683 – APPLIED / TEMASEK / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË